BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Chéad Dlísheomra)

20 Samhain 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach – Treoir (AE) 2018/1972 – Leigheasanna rochtana arna bhforchur ar ghnóthais a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh acu – Airteagal 72 – Oibleagáidí rochtain a sholáthar ar shócmhainní innealtóireachta sibhialta – Coinníollacha)

I gCás C-327/24 [Lolach],[i]

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Verwaltungsgericht Köln (Cúirt Riaracháin Köln, an Ghearmáin), trí bhreith an 2 Bealtaine 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 3 Bealtaine 2024, sna himeachtaí

**Telekom Deutschland GmbH**

v

**Bundesrepublik Deutschland,**

tugann AN CHÚIRT (an Chéad Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: F. Biltgen, Uachtarán Dlísheomra, T. von Danwitz, Leas-Uachtarán na Cúirte, ag gníomhú mar Bhreitheamh an Chéad Dlísheomra, I. Ziemele, A. Kumin agus S. Gervasoni (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Campos Sánchez-Bordona,

Cláraitheoir: I. Illéssy, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 20 Márta 2025,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Telekom Deutschland GmbH, ag F. Hölscher agus J. von Lucius, Rechtsanwälte,

– Bundesrepublik Deutschland, ag C. Mögelin, M. Otremba agus J. Schölzel,

– Rialtas na Gréige, ag K. Konsta, S. Papaioannou, M. Tassopoulou agus D. Tsagkaraki, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Ghearmáinis.

[i] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

– an Coimisiún Eorpach, ag G. Conte, O. Gariazzo agus G. Meeßen, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 15 Bealtaine 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

## Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagail 72 agus 73 de Threoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (IO 2018 L 321, lch. 36).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Telekom Deutschland GmbH agus Bundesrepublik Deutschland (Poblacht Chónaidhme na Gearmáine), arna ionadú ag Bundesnetzagentur für Elektrizität, Gas, Telekommunikation, Post und Eisenbahnen (an Ghníomhaireacht Cónaidhme um Leictreachas, Ghás, Theileachumarsáid, Post agus Iarnróid) (‘an Gníomhaireacht Cónaidhme Líonraí’) maidir le hoibleagáid rochtain a sholáthar ar bhonneagar innealtóireachta sibhialta in earnáil na teileachumarsáide.

### An dlí lena mbaineann

#### *Dlí an Aontais Eorpaigh*

3 Leagtar amach an méid seo a leanas in aithris 29 de Threoir 2018/1972:

‘Is é an aidhm don Treoir seo rialacha earnáilsonracha *ex ante* a laghdú de réir a chéile de réir mar a fhorbraíonn an iomaíocht sa mhargadh agus, ar deireadh, a áirithiú go rialófaí an chumarsáid leictreonach le dlí na hiomaíochta amháin. Ós rud é go bhfuil dinimicí iomaíocha láidre léirithe ag na margaí cumarsáide leictreonaí le blianta beaga anuas, tá sé riachtanach nach bhforchuirfí oibleagáidí rialála *ex ante* ach amháin murab ann d’iomaíocht éifeachtach agus inbhuanaithe ar na margaí lena mbaineann. Ar deireadh thiar is é atá mar chuspóir le hidirghabháil rialála *ex ante* ná sochair a bhaint amach d’úsáideoirí deiridh trí mhargaí miondíola a dhéanamh iomaíoch go héifeachtúil ar bhonn inbhuanaithe. Ba cheart oibleagáidí ar an leibhéal mórdhíola a fhorchur i gcás inar dócha, d’éagmais na n-oibleagáidí sin, nach mbeadh margadh miondíola amháin nó níos mó in ann a bheith iomaíoch ar bhealach éifeachtach. Is dealraitheach go dtiocfaidh sé chun solais de réir a chéile, trí bhíthin phróiseas na hanailíse margaidh, d’údaráis rialála náisiúnta go mbeidh a lán margaí miondíola iomaíoch fiú amháin d’éagmais na rialála mórdhíola, go háirithe agus feabhsuithe a mheastar a thiocfaidh ar an nuálaíocht agus ar an iomaíocht á gcur san áireamh. I gcás den sórt sin, ba cheart don údarás rialála náisiúnta a chinneadh nach bhfuil gá le rialáil a thuilleadh ar an leibhéal mórdhíola, agus measúnú a dhéanamh ar an margadh mórdhíola comhfhreagrach ábhartha d’fhonn rialáil *ex ante* a tharraingt siar. […]’

4 Leagtar amach an méid seo a leanas in aithris 187 den Treoir sin:

‘Tá sócmhainní innealtóireachta sibhialta, ar féidir leo líonra cumarsáide leictreonaí a óstáil, ríthábhachtach le haghaidh leathadh amach rathúil líonraí nua toisc go bhfuil costas ard ag baint lena ndúbláil, agus toisc gur féidir a lán airgid a choigilt más féidir iad a athúsáid. Dá bhrí sin, de bhreis ar na rialacha maidir le bonneagar fisiceach a leagtar síos i dTreoir 2014/61/AE [ó

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le bearta chun an costas a bhaineann le cur in úsáid líonraí cumarsáide leictreonaí ardluais a laghdú (IO 2014 L 155, lch. 1)], tá gá le leigheas sonrach i gcás ina bhfuil na sócmhainní innealtóireachta sibhialta faoi úinéireacht gnóthais atá ainmnithe mar oibreoir a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh aige. I gcás ina mbeidh sócmhainní innealtóireachta sibhialta ann agus na sócmhainní sin inúsáidte, bíonn éifeacht an-dearfach ar fad ar leathadh amach an bhonneagair iomaíochta ag rochtain éifeachtach a fháil orthu, agus dá bhrí sin is gá a áirithiú gur féidir rochtain ar na sócmhainní sin a úsáid mar leigheas ann féin chun feabhas a chur ar dhinimicí an iomaíochais agus an imscartha in aon mhargadh iartheachtach, agus is gá é sin a bhreithniú sula ndéanfar measúnú ar an ngá le haon leigheas féideartha eile a fhorchur, agus ní mar leigheas coimhdeach amháin ar aon táirgí nó seirbhísí mórdhíola eile nó mar leigheas atá teoranta do ghnóthais a bhfuil leas á bhaint acu as na táirgí nó na seirbhísí mórdhíola eile sin. [...]'

5 De réir Airteagal 3, dar teideal 'Cuspóirí ginearálta' den Treoir sin:

'1. Le linn chomhlíonadh na gcúraimí rialála a shonraítear sa Treoir seo, áiritheoidh na Ballstáit go nglacfaidh na húdaráis rialála náisiúnta agus údaráis inniúla eile na bearta réasúnta go léir atá riachtanach agus comhréireach do ghnóthú na gcuspóirí a leagtar amach i mír 2. [...]

[...]

2. I gcomhthéacs na Treorach seo, saothróidh na húdaráis rialála náisiúnta agus údaráis inniúla eile mar aon [le Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC)], leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit gach ceann de na cuspóirí ginearálta seo a leanas, nach liostaítear in ord tosaíochta:

(a) an nascacht agus an rochtain atá ag gach saoránach agus gnó de chuid an Aontais ar líonraí fíor-ardacmhainne, lena n-áirítear líonraí fosaithe, líonraí móibíleacha agus líonraí gan sreang a chur chun cinn [agus úsáid a leithéide de líonraí];

(b) iomaíocht a chur chun cinn i soláthar líonra cumarsáide leictreonaí agus saoráidí gaolmhara, lena n-áirítear iomaíocht éifeachtach atá bunaithe ar bhonneagar, agus i soláthar seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus seirbhísí gaolmhara;

(c) rannchuidiú le forbairt an mhargaidh inmheánaigh ach na bacainní atá fanta a bhaint, ar bacainní iad ar infheistiú agus soláthar líonraí cumarsáide leictreonaí, seirbhísí cumarsáide leictreonaí, saoráidí agus seirbhísí gaolmhara ar fud an Aontais agus éascú a dhéanamh ar dhálaí coinbhéirseacha chuige sin, trí rialacha coiteanna agus cur chuige rialála intuartha a fhorbairt, tús áite a thabhairt d'úsáid chomhordaithe éifeachtach éifeachtúil an speictrim raidió, nuálaíocht oscailte, bunú agus forbairt líonraí tras-Eorpacha, soláthar, infhaighteacht agus idir-inoibritheacht na seirbhísí pan-Eorpacha, agus nascacht inn go hinn;

(d) leasanna shaoránaigh an Aontais a chur chun cinn, trí nascacht agus infhaighteacht fhorleathan agus úsáid fhorleathan líonraí fíor-ardacmhainne a áirithiú, idir líonraí fosaithe, líonraí móibíleacha agus líonraí gan sreang, chomh maith le nascacht agus infhaighteacht fhorleathan agus úsáid fhorleathan seirbhísí cumarsáide leictreonaí, trí thairbhí uasta a chumasú i dtéarmaí rogha, praghais agus cáilíochta ar bhonn iomaíocht éifeachtach, trí sheirbhísí agus líonraí slándála a chothabháil, trína áirithiú go bhfuil leibhéal comónta ardchosanta ann d'úsáideoirí deiridh trí rialacha earnáilsonracha riachtanacha agus trí dhul i ngleic leis na riachtanais, amhail praghsanna réasúnta, grúpaí sóisialta ar leith, go háirithe

úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas, úsáideoirí deiridh scothaosta agus úsáideoirí deiridh a bhfuil riachtanais shóisialta speisialta acu, agus trí rogha agus rochtain choibhéiseach a áirithiú d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas.

[...]'

6 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 67 de Threoir 2018/1972, dar teideal 'An nós imeachta um anailís mhargaidh':

'1. Cinnfidh na húdaráis rialála náisiúnta an bhfuil margadh ábhartha a sainíodh i gcomhréir le hAirteagal 64(3) ina mhargadh den chineál a thabharfadh bonn cirt leis na hoibleagáidí rialála, a leagtar amach sa Treoir seo, a fhorchur air. [...]

Féadfar margadh a bheith ina mhargadh den chineál chun bonn cirt a thabhairt le forchur na n-oibleagáidí rialála a leagtar amach sa Treoir seo má chomhlíontar na critéir seo ar fad a leanas:

(a) go bhfuil bacainní struchtúracha, dlíthiúla nó rialála ar iontráil ann atá ard agus nach bhfuil neamhbhuan;

(b) gur ann do struchtúr margaidh nach gnách dó cur le hiomaíocht éifeachtach laistigh den spriocdháta ábhartha, ag féachaint do chúrsaí iomaíochta atá bunaithe ar an mbonneagar agus ar fhoinsí iomaíochta eile taobh thiar de na bacainní ar iontráil;

(c) nach leor dlí na hiomaíochta amháin chun aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar an teip/na teipeanna a sainaithníodh sa mhargadh.

[...]

3. I gcás ina bhfionnfaidh údarás rialála náisiúnta nach bhféadfar margadh ábhartha a bheith amhlaidh chun forchur oibleagáidí rialála a dhlisteanú i gcomhréir leis an nós imeachta i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo, nó i gcás nach bhfuil na coinníollacha a leagtar amach i mír 4 den Airteagal seo á gcomhlíonadh, ní dhéanfaidh sé aon oibleagáidí rialála sonracha a fhorchur ná a chothabháil i gcomhréir le hAirteagal 68. [...]

[...]

4. I gcás ina gcinneann údarás rialála náisiúnta go bhfuil údar leis na hoibleagáidí rialála a fhorchur, i margadh ábhartha, i gcomhréir le mír 1 agus le mír 2 den Airteagal seo, déanfaidh sé aon ghnóthais a shainiú a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh acu ar bhonn aonair nó go comhpháirteach i ndáil leis an margadh ábhartha sin i gcomhréir le hAirteagal 63. Déanfaidh an t-údarás rialála náisiúnta oibleagáidí sonracha rialála iomchuí a fhorchur ar na gnóthais sin, i gcomhréir le hAirteagal 68 nó déanfaidh sé oibleagáidí den sórt sin a choimeád nó a leasú i gcás inarb ann dóibh cheana féin, má mheasann sé nach mbeadh an toradh a bheadh ann do na húsáideoirí deiridh iomaíoch ar bhealach éifeachtach d'uireasa na n-oibleagáidí sin.

[...]'

7 Leagtar amach an méid seo a leanas in Airteagal 68 den Treoir sin, dar teideal ‘Forchur, leasú nó tarraingt siar oibleagáidí’:

‘1. Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go dtabharfar de chumhacht do na húdaráis rialála náisiúnta oibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 69 go 74 agus in Airteagail 76 go 81 a fhorchur.

2. Más rud é, mar thoradh ar anailís mhargaidh a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 67, go n-ainmnítear gnóthas mar ghnóthas a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh aige i margadh sonrach, déanfaidh na húdaráis rialála náisiúnta aon cheann de na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 69 go 74 agus in Airteagail 76 agus 80 a fhorchur mar is iomchuí. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, roghnóidh údarás rialála náisiúnta an bealach is lú cunórtas chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a sainaithníodh san anailís mhargaidh.

3. Ní dhéanfaidh údaráis rialála náisiúnta na hoibleagáidí arna leagan síos in Airteagail 69 go 70 agus in Airteagail 76 agus 80 a fhorchur ach amháin ar [ghnóthais] a ainmníodh mar ghnóthais a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh acu i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo, gan dochar do na nithe seo a leanas:

(a) Airteagal 61 agus Airteagal 62,

(b) Airteagal 44 agus Airteagal 17 den Treoir seo, Coinníoll 7 i gCuid D d’Iarscríbhinn I mar a chuirtear i bhfeidhm de bhua Airteagal 13(1) den Treoir seo, Airteagail 97 agus 106 den Treoir seo agus na forálacha ábhartha de Threoir 2002/58/CE [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO 2002 L 201, lch. 37)] ina bhfuil oibleagáidí ar ghnóthais seachas iad sin a ainmnítear mar ghnóthais a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh acu, nó

(c) a riachtanaí atá sé gealltanais idirnáisiúnta a chomhlíonadh,

[…]

4. Na hoibleagáidí a fhorchuirtear i gcomhréir leis an Airteagal seo, beidh siad:

(a) bunaithe ar chineál na faidhbe arna sainaithint ag údarás rialála náisiúnta ina anailís mhargaidh, agus sainaithint an éilimh thrasnáisiúnta de bhun Airteagal 66 á cur san áireamh nuair is iomchuí;

(b) comhréireach, ag féachaint, i gcás inar féidir, do na costais agus na sochair;

(c) beidh údar cuí leo i bhfianaise na gcuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3; agus

[…]’

8 Foráiltear don méid seo a leanas in Airteagal 72 den Treoir sin, dar teideal ‘Rochtain ar innealtóireacht shibhialta’:

‘1. Féadfaidh údarás rialála náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 68, oibleagáidí a fhorchur ar ghnóthais chun go gcomhlíonfaí iarratais réasúnacha chun rochtain a fháil ar innealtóireacht

shibhialta agus úsáid a bhaint aisti lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta dó sin, rochtain agus úsáid gan teorainn maidir le foirgnimh nó bealaí isteach i bhfoirgnimh, cáblaí i bhfoirgnimh lena n-áirítear sreangú, aeróga, túir agus struchtúir tacaíochta eile, cuaillí, crainn duchtanna, seolphíobáin, dúnphoill iniúchta, dúnphoill, agus caibinéid, i gcásanna ina gcinneann an t-údarás rialála náisiúnta, tar éis an anailís mhargaidh a mheas, go gcuirfeadh diúltú rochtana nó rochtain a thugtar faoi théarmaí agus coinníollacha míréasúnta a bhfuil éifeacht chomhchosúil aici bac ar mhargadh iomaíoch inbhuanaithe a theacht chun cinn agus nach bhfreastalaítear leis leasanna an úsáideora deiridh.

2. Féadfaidh na húdaráis rialála náisiúnta oibleagáidí a fhorchur ar ghnóthais chun rochtain a chur ar fáil i gcomhréir leis an Airteagal seo, beag beann ar na sócmhainní a ndéanfadh an oibleagáid sin difear dóibh a bheith ina gcuid den mhargadh ábhartha nó gan a bheith ina gcuid den mhargadh ábhartha i gcomhréir leis an anailís mhargaidh, ar choinníoll go bhfuil gá leis an oibleagáid agus go bhfuil sí comhréireach chun cuspóirí Airteagal 3 a chomhlíonadh.'

9 Is sna focail a leanas atá Airteagal 73 den Treoir chéanna, dar teideal 'Oibleagáidí rochtana ar eilimintí sonracha líonra agus saoráidí gaolmhara agus a n-úsáid':

'1. Féadfaidh údaráis rialála náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 68, oibleagáidí a fhorchur ar ghnóthas chun go gcomhlíonfaí iarratais réasúnacha chun rochtain a fháil ar eilimintí sonracha líonra agus saoráidí gaolmhara agus úsáid a bhaint astu, i gcásanna ina measann na húdaráis rialála náisiúnta go gcuirfeadh diúltú rochtana nó rochtain a thugtar faoi théarmaí agus coinníollacha míréasúnta a bhfuil éifeacht chomhchosúil acu bac ar mhargadh iomaíoch inbhuanaithe a theacht chun cinn ar an leibhéal miondíola agus nach bhfreastalaítear leis leasanna an úsáideora deiridh.

[...]

2. [...]

I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag údaráis rialála náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 68, maidir le ceanglais a fhorchur de bhun Airteagal 72 nó de bhun an Airteagail seo, scrúdóidh sé ar chomhréireach an mhaise gan aon oibleagáidí eile a fhorchur ach iad siúd de chuid Airteagal 72 amháin chun an t-iomaíochas agus leas an úsáideora deiridh a chur chun cinn.

[...]'

10 Luaitear an méid seo a leanas in aithris 28 de Mholadh (AE) 2020/2245 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2020 maidir le margaí ábhartha táirgí agus margaí ábhartha seirbhísí laistigh den earnáil cumarsáide leictreonaí a fhéadfar a chur faoi réir rialáil *ex ante* i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (IO 2020 L 439, lch. 23):

'Thairis sin, údaraítear le hAirteagal 72 den Chód d'údaráis rialála náisiúnta rochtain a fháil ar innealtóireacht shibhialta a fhorchur, mar leigheas ar leith, ar aon mhargadh mórdhíola ábhartha. D'fhéadfadh údar cuí a bheith le hoibleagáid den sórt sin chun rochtain ar innealtóireacht shibhialta a sholáthar gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil an bonneagar fisiceach dá ndeonaítear rochtain ina chuid den mhargadh rialáilte ábhartha agus ba cheart do na húdaráis

rialála náisiúnta é a mheas sula bhforchuirtear oibleagáidí rochtana iartheachtacha eile, más comhréireach agus leordhóthanach é chun iomaíocht a chur chun cinn chun leasa na n-úsáideoirí deiridh.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

### *Dlí na Gearmáine*

11 Foráiltear don mhéid seo in Airteagal 26 den Telekommunikationsgesetz (Dlí na Teileachumarsáide) an 23 Meitheamh 2021 (BGBl. 2021 I, lch. 1858), sa leagan is infheidhme maidir leis na príomhimeachtaí ('TKG'), lena dtrasuitear Airteagail 72 agus 73 de Threoir 2018/1972 i ndlí na Gearmáine:

'Oibleagáidí rochtana

(1) D'fhéadfadh an Ghníomhaireacht Cónaidhme Líonraí ceangal ar ghnóthas a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh aige rochtain a thabhairt do ghnóthais eile i gcás ina gcuirfí cosc le teacht chun cinn margaidh miondíola inbhuanaithe iomaíoch agus ina ndéanfaí dochar do leasanna an úsáideora deiridh de dheasca diúltú do rochtain.

(2) I gcás ina scrúdaíonn sí an bhfuil údair leis na hoibleagáidí rochtana dá bhforáiltear i mír 1 agus, i gcás inarb iomchuí, an bhfuil siad comhréireach do na cuspóirí dá bhforáiltear in Airteagal 2, seiceálfaidh an Ghníomhaireacht Cónaidhme an leor a leanas leis na cuspóirí dá bhforáiltear in Airteagal 2 a áirithiú:

1. na hoibleagáidí arna bhforchur cheana féin nó atá le forchur de réir na Coda seo, nó na comhaontuithe trachtála maidir le rochtain arna ndéanamh cheana féin nó atá beartaithe sa mhargadh mórdhíola, bíodh sa mhargadh lena mbaineann nó i margadh gaolmhar, agus

2. gur leor forchur oibleagáidí de réir mhír 3(10) ann féin

leis na cuspóirí a áirithiú dá dtagraítear in Airteagal 2.

[...]

(3) I gcomhréir le mír 1, d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht Cónaidhme Líonraí, *inter alia*, na hoibleagáidí a leanas a fhorchur ar ghnóthais a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh aige:

[...]

10. rochtain a sholáthar ar bhonneagar fisiceach, ina n-áirítear foirgnimh nó pointí iontrála i bhfoirgnimh, sreangú i bhfoirgnimh, aeróga, túir agus struchtúir taca eile, cuaillí, piolóin, duchtanna, seolphíobáin, dúnphoill iniúchta, dúnphoill agus cláir dháileacháin fiú mura mbaineann siad leis an margadh táirgí ábhartha de réir bhrí Airteagal 10, ar choinníoll gur riachtanach agus comhréireach an oibleagáid rochtana i bhfianaise na faidhbe arna haithint san anailís mhargaidh faoi Airteagal 11.

[...]'

**An díospóid sna príomhimeachtaí agus an cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú**

12 Is gnóthas teileachumarsáide é Telekom Deutschland a ainmníodh, in anailís mhargaidh an 10 Deireadh Fómhair 2019, mar ghnóthas a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh soláthair mórdhíola le haghaidh rochtain áitiúil ag suíomh fosaithe.

13 Trí chinneadh an 21 Iúil 2022, d'fhorchuir an Ghníomhaireacht Cónaidhme Líonraí roinnt oibleagáidí, a bhí dhá cheann acu sna focail a leanas:

'1.1.: Rochtain a thabhairt do ghnóthais eile ar dhuchtanna cáblaí, ar phiolóin agus ar chórais taca do cháblaí lastuas a bhí ann agus an t-iarratas á dhéanamh, chun críocha líonraí fíor-ardacmhainne a imscaradh agus a oibriú ag suíomh fosaithe, nó rochtain a thabhairt dóibh ar an lúb logánta ag leibhéal an fhofhráma dáileacháin nó *MultiService Access Node (MSAN)* (míreanna 1.2 nó 1.3) de réir na hacmhainne ar fáil, fad a údaraítear do [Telekom Deutschland] cúltaisce iomchuí oibriúcháin a choimeád agus freastal ar a riachtanais féin mar thosaíocht. [...]

1.2. Rochtain atá díchuachta go fisiciúil a thabhairt do ghnóthais eile ar an lúb logánta copair ag leibhéal an phríomhdháileora nó ag pointe atá suite níos gaire don aonad nasctha suibscríobhaí ná an phríomhfhráma dáileacháin (go háirithe ag leibhéal an fhofhráma dáileacháin nó an bhosca teirminéil – an pointe teorann) ach amháin má thugtar cead nó má chuirtear d'oibleagáid diúltú do rochtain trí fhorálacha Iarscríbhinní 1 agus 2 den mhír seo den chuid oibríochtúil – diúltú do rochtain ar an lúb logánta nach bhfuil i gcóngar an phríomhfhráma dáileacháin agus diúltú do rochtain ar an lúb logánta atá i gcóngar an phríomhfhráma dáileacháin faoi seach […]'.

14 Le húdar a thabhairt lena cinneadh, shonraigh an Ghníomhaireacht Cónaidhme Líonraí gurbh fhéidir léi, de réir na chéad abairte d'Airteagal 26(1) de TKG, oibleagáid a chur ar oibreoirí seirbhísí poiblí teileachumarsáide atá cumhachtach sa mhargadh rochtain a thabhairt do ghnóthais eile, ina n-áirítear rochtain dhíchuachta atá in oiriúint don éileamh, go háirithe i gcás ina gcuirfí bac trí dhiúltú do rochtain ar theacht chun cinn iartheachtach margaidh iomaíoch inbhuanaithe ar an leibhéal miondíola agus nach mbeadh sé chun leasanna an úsáideora deiridh. Shonraigh sí chomh maith go mbeadh na bearta arna bhforchur le bheith ag teacht le sraith leathan cuspóirí agus i gcomhréir le réamhchoinníollacha áirithe ag an am céanna de réir Airteagal 26 de TKG agus a tagartha do na cuspóirí rialacháin dá dtagraítear in Airteagal 2 de TKG.

15 Mheas an Ghníomhaireacht Cónaidhme Líonra go raibh ceithre chríoch bhunúsacha leis an tsraith sin: ar an gcéad dul síos, nascacht a chinntiú agus rochtain a chur chun cinn, le haghaidh na saoránach agus gnóthas, ar líonraí fíor-ardacmhainne, ar an dara dul síos, iomaíocht a chur chun cinn, go háirithe sa mhargadh miondíola, ar an tríú dul síos, leasanna na n-úsáideoirí a chosaint, go háirithe na dtomhaltóirí, ar an gceathrú dul síos, forbairt mhargadh inmheánach an Aontais a chur chun cinn.

16 Shonraigh an Ghníomhaireacht Cónaidhme Líonraí go mbeadh roinnt réamhchoinníollacha áirithe le comhlíonadh chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Mar sin, caithfidh gurb é atá i gceist leis an measúnú ar an gcoinníoll maidir le riachtanas an bhirt, *inter alia*, an leor forchur na n-oibleagáidí rochtana maidir le duchtanna cáblaí, piolóin agus córais taca do cháblaí lastuas ann féin leis na cuspóirí rialacháin arna lua in Airteagal 2 de TKG a áirithiú.

17 An 19 Lúnasa 2022, thug Telekom Deutschland caingean le haghaidh neamhniú Chinneadh an 21 Iúil 2022 ón nGníomhaireacht Cónaidhme Líonraí os comhair Verwaltungsgericht Köln (Cúirt Riaracháin Köln, an Ghearmáin), arb í an chúirt a rinne an tarchur.

18 D'iarr sé ar an gcúirt sin an cinneadh sin a chur ar neamhní go páirteach, sa mhéid go gceanglaítear leis, i mír 1.1 den chuid oibríochtúil, rochtain a thabhairt ar dhuchtanna cáblaí, ar phiolóin agus ar chórais taca do cháblaí lastuas chun críocha líonraí fíor-ardacmhainne a imscaradh agus a oibriú ag suíomh fosaithe.

19 Luann an chúirt a rinne an tarchur gur débhríoch raon feidhme na bhforálacha náisiúnta ábhartha. Go deimhin, is ann d'údair le léamh ar Airteagal 26 de TKG ar dá réir a bhí scrúdú le déanamh ag an nGníomhaireacht Cónaidhme Líonra 'ar dtús' nach bhfuil i gceist leis ach comhlíonadh choinníollacha chur i bhfeidhm Airteagal 26(1) de TKG, is é sin go mbeadh sé de thoradh ar dhiúltú do rochtain bac a chur ar theacht chun cinn margaidh miondíola iomaíoch inbhuanaithe, agus dochar a dhéanamh do leasanna an úsáideora deiridh anuas air sin. Os a choinne sin, tá cúiseanna eile ann le tabhairt le fios nach mór don údarás sin measúnú a dhéanamh ar an ngá le hoibleagáidí rochtana a fhorchur i bhfianaise 'sraith cuspóirí' níos leithne. Deir an chúirt sin chomh maith nach mór an léiriú sin ar Airteagal 26 de TKG, lena dtrasuitear Airteagail 72 agus 73 de Threoir 2018/1972 i ndlí na Gearmáine, a bheith i gcomhréir lena hAirteagail.

20 Measann an chúirt a rinne an chúirt a rinne an tarchur go mbraitheann toradh na bpríomhimeachtaí ar an bhfreagra ar an gceist an bhfuil scrúdú le déanamh ar na cuspóirí arna leagan amach in Airteagal 72(1) den Treoir sin amháin ag údarás rialála náisiúnta a fhéachann le beart rochtana ar shócmhainní innealtóireachta sibhialta a fhorchur de bhun Airteagail 72 agus 73 de Threoir 2018/1972 nó an féidir leis tagairt a dhéanamh chuige sin do 'shraith cuspóirí' níos leithne ina n-áirítear, *inter alia*, na cuspóirí arna leagan amach in Airteagal 3 den Treoir sin.

21 Measann an chúirt a rinne an tarchur nach bhfuil an cheist inréitithe aici de réir na teoirice '*acte clair*'. Go sonrach, níorbh fhéidir freagra a fháil go díreach ar an gceist sin ón gcéad abairt d'Airteagal 73(1) de Threoir 2018/1972, ó ní b'ábhartha Airteagal 72 den Treoir sin ach maidir le forchur oibleagáide rochtana ar shócmhainní innealtóireachta sibhialta. Ina theannta sin, níor shoiléir Airteagal 72(2) de Threoir 2018/1972 ach de réir cosúlachta toisc nárbh fhollasach an bhaint atá ag an bhforáil sin le hAirteagal 72(1) den Treoir sin.

22 Sna himthosca sin, chinn Verwaltungsgericht Köln (Cúirt Riaracháin Köln, an Ghearmáin), bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú:

'An bhfuil Airteagail 72 agus 73 de Threoir [2018/1972] le léiriú ar chaoi, agus scrúdú á dhéanamh 'cé acu' an ndéanfar oibleagáid chun rochtain ar shócmhainní innealtóireachta sibhialta a chur ar fáil a fhorchur nuair nach bhfuil na sócmhainní sin mar chuid den mhargadh ábhartha i gcomhréir leis an anailís mhargaidh, nach mór d'údaráis rialála náisiúnta

scrúdú a dhéanamh *amháin* ar an gceist an gcuirfí bac le neamh-fhorchur na hoibleagáide sin ar mhargadh iomaíoch inbhuanaithe a theacht chun cinn agus nach mbeadh sé chun leasanna an úsáideora deiridh

nó

an féidir leis, agus forchur oibleagáide chun rochtain ar na sócmhainní sin a chur ar fáil á mheas, ní hamháin na coinníollacha thuasluaite a chur san áireamh, ach chomh maith leis sin, *ar aon dul* i 'gcuach cuspóirí', na cuspóirí eile a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus, más infheidhme, cuspóirí breise[?]'

**Breithniú ar an gceist a tharchuirtear**

23 Iarrann an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt cineál an scrúdaithe atá le déanamh ag na húdaráis rialála náisiúnta a shoiléiriú, i gcás ina bhféachann siad le hoibleagáid rochtana ar shócmhainní innealtóireachta sibhialta nach mbaineann leis an margadh ábhartha de réir anailís mhargaidh a chur ar ghnóthas a ainmníodh mar ghnóthas cumhachtach i margadh áirithe. Sa cheist arna cur ar an gCúirt, tagraíonn an chúirt sin idir d'Airteagal 72 agus d'Airteagal 73 de Threoir 2018/1972.

24 I dtaca leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara go gceadaítear le hAirteagal 72 de Threoir 2018/1972 rochtain a fhorchur ar bhonneagar innealtóireachta sibhialta mar 'leigheas ar leith' sa bhrí nach gceadaítear rochtain leis ach ar innealtóireacht shibhialta, fad a cheadaítear rochtain a fhorchur trí Airteagal 73 den Treoir sin ar bhonneagar innealtóireachta sibhialta mar 'leigheas coimhdeach', nach bhfuil i gceist leis ach rochtain ar oibreacha innealtóireachta sibhialta a bhaineann le rochtain ar líonra cumarsáide leictreonaí nó seirbhís cumarsáide leictreonaí.

25 Bíodh go bhfuil baint ag focail na ceiste a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú le hAirteagail 72 agus 73 de Threoir 2018/1972 araon, ní ábhartha ach léiriú ar Airteagal 72 le réiteach a thabhairt ar an díospóid sna príomhimeachtaí de réir na ceiste a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú agus de réir mar a chomhaontaigh na páirtithe san éisteacht os comhair na Cúirte leis, thairis sin.

26 Sna himthosca sin, ní mór a mheas, lena ceist, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 72 de Threoir 2018/1972 le léiriú sa chaoi, agus measúnú á dhéanamh aige an gá oibleagáid rochtana ar shócmhainní innealtóireachta sibhialta a chur ar ghnóthas a ainmníodh mar oibreoir cumhachtach i margadh áirithe, bíodh nó ná bíodh na sócmhainní sin mar chuid den mhargadh ábhartha de réir anailís mhargaidh, nach mór don údarás sin scrúdú a dhéanamh an gcuirfí bac, mura bhforchuirfí an oibleagáid sin, ar mhargadh iomaíoch inbhuanaithe teacht chun cinn agus an amhlaidh nach bhfreastalófaí ar leasanna an úsáideora deiridh dá réir, nó, ina leith sin, an bhféadfadh sé na cuspóirí arna leagan amach in Airteagal 3 de Threoir 2018/1972 a chur san áireamh, sa bhreis ar an dá cheann sin agus ar comhchéim leo.

27 I gcomhréir le cásdlí socair, ar mhaithe le léiriú a dhéanamah ar fhoráil de dhlí an Aontais, is gá machnamh a dhéanamh ní hamháin ar fhoclaíocht na forála sin, ach ar a comhthéacs agus ar chuspóirí na rialacha ar cuid díobh í freisin (féach breithiúnais an 17 Samhain 1983, *Merck*, 292/82, EU:C:1983:335, mír 12, agus an 1 Lúnasa 2025, *Alace agus Canpelli*, C-758/24 agus C-759/24, EU:C:2025:591, mír 91).

28 Ar an gcéad dul síos, ó thaobh fhocail Airteagal 72 de Threoir 2018/1972, cuirtear forchur leighis choimhdigh rochtana ar innealtóireacht shibhialta faoi réir an choinníll, i mír 1 de, go gcuirfeadh diúltú rochtana nó rochtain a thugtar faoi théarmaí agus coinníollacha míréasúnta a bhfuil éifeacht chomhchosúil aici bac ar mhargadh iomaíoch inbhuanaithe a theacht chun cinn agus nach bhfreastalaítear leis leasanna an úsáideora deiridh.

29 Ní mór a lua, murab ionann agus roinnt leaganacha teanga, go háirithe na leaganacha Spáinnise, Béarla, Fraincise, Iodáilise agus Ungáirise den fhoráil sin, ina gceanglaítear na critéir maidir le hoibleagáid rochtana maidir le 'margadh iomaíoch inbhuanaithe a theacht chun cinn' agus 'leasanna an úsáideora deiridh' tríd an gcónasc 'agus', ceanglaítear na critéir sin i leagan Gearmáinise di tríd an gcónasc 'nó'. I dtaca leis sin, de réir cásdlí socair, ní féidir leis na focail a úsáidtear i gceann de na leaganacha teanga d'fhoráil de dhlí an Aontais a bheith ina bunús aonair le léiriú na forála sin agus ní féidir tosaíocht a thabhairt di ar na leaganacha teanga eile. I gcás ina bhfuil éagsúlacht idir na leaganacha teanga, ní mór an fhoráil atá i gceist a léiriú i bhfianaise chomhthéacs ginearálta agus chuspóir na rialacha a bhfuil sí mar chuid de (féach breithiúnais an 27 Márta 1990, *Cricket St Thomas*, C-372/88, EU:C:1990:140, míreanna 18 agus 19, agus an 4 Meán Fómhair 2025, *Hakamp*, C-203/24, EU:C:2025:662, mír 34).

30 Thairis sin, foráiltear in Airteagal 72(2) den Treoir sin go bhféadfaidh na húdaráis rialála náisiúnta oibleagáidí a fhorchur ar ghnóthais chun rochtain a chur ar fáil i gcomhréir leis an Airteagal sin, beag beann ar na sócmhainní a ndéanfadh an oibleagáid sin difear dóibh a bheith ina gcuid den mhargadh ábhartha nó gan bheith ina gcuid den mhargadh ábhartha i gcomhréir leis an anailís mhargaidh, ar choinníoll go bhfuil gá leis an oibleagáid agus go bhfuil sí comhréireach chun cuspóirí Airteagal 3 den Treoir sin a chomhlíonadh.

31 Is iad na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 sin ná go gcuirfí chun cinn, ar an gcéad dul síos, an nascacht agus an rochtain atá ag gach saoránach agus gnó de chuid an Aontais ar líonraí fíor-ardacmhainne agus úsáid a leithéide de líonraí mar aon, ar an dara dul síos, le hiomaíocht i soláthar líonraí cumarsáide leictreonaí agus saoráidí gaolmhara, ar an tríú dul síos, forbairt an mhargaidh inmheánaigh agus, ar an gceathrú dul síos, leasanna shaoránaigh an Aontais, go háirithe trí thairbhí uasta a chumasú i dtéarmaí rogha, praghais agus cáilíochta.

32 I measc na gcuspóirí ginearálta sin mar sin atá na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 72(1) de Threoir 2018/1972 agus an dá chritéar á leagan amach maidir le hoibleagáidí rochtana a fhorchur ach cuspóirí eile chomh maith, ar nós an chuspóra maidir le nascacht agus an rochtain ar líonraí fíor-ardacmhainne a chur chun cinn agus úsáid a leithéide de líonraí.

33 Ar an dara dul síos, ó thaobh chomhthéacs Airteagal 72 den Treoir sin, ní mór a lua, ar an gcéad dul síos, go mbunaítear leis an Treoir sin Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach. Déantar athmhúnlú ar roinnt Treoracha agus creat comhchuibhithe simplithe a chruthú le haghaidh, *inter alia*, rialáil líonraí cumarsáide leictreonaí, seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus saoráidí gaolmhara agus seirbhísí gaolmhara. Níl Treoir 2018/1972 teoranta do chódú a dhéanamh ar na gníomhartha de dhlí an Aontais a leasaítear léi nó a dtagann sí ina n-ionad, ach tugtar isteach léi leasuithe ar an gcreat rialála a bhí i bhfeidhm sular glacadh í chun forbairtí teicneolaíocha agus margaidh a chur san áireamh (breithiúnas an 27 Feabhra 2025, *T – 2*, C-562/23, EU:C:2025:126, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear). I dtaca leis sin, is foráil nua é Airteagal 72 de Threoir 2018/1972 ó thaobh na reachtaíochta a bhí ann roimhe sin.

34 In Airteagal 68 de Threoir 2018/1972, atá i gCaibidil IV de Theideal II de Chuid II den Treoir sin, lena gcumhdaítear leigheasanna rochtana arna bhforchur ar ghnóthais chumhachtacha sa mhargadh, foráiltear, sa chéad abairt d'fhomhír 2 de, i gcás ina n-ainmnítear gnóthas mar ghnóthas a bhfuil cumhacht shuntasach i margadh sonrach aige mar thoradh ar anailís mhargaidh, go bhforchuirfidh na húdaráis rialála náisiúnta ceann de na hoibleagáidí arna leagan amach in Airteagail 69 go 74 agus Airteagail 76 agus 80 den Treoir sin air, de réir an cháis.

35 I measc na leigheasanna rochtana atá i gCaibidil IV sin, tá, ar thaobh amháin, Airteagal 72 de Threoir 2018/1972, lena gceadaítear do na húdaráis rialála náisiúnta an oibleagáid shonrach a fhorchur ar ghnóthas a bhfuil cumhacht shuntasach i margadh sonrach aige iarratais réasúnacha chun rochtain a fháil ar innealtóireacht shibhialta agus úsáid a bhaint aisti a chomhlíonadh. Ar an taobh eile, cuirtear na húdaráis rialála náisiúnta i gcumhacht le hAirteagal 73 den Treoir sin an oibleagáid a fhorchur ar ghnóthas a bhfuil cumhacht shuntasach i margadh áirithe aige iarratais réasúnacha chun rochtain a fháil ar innealtóireacht shibhialta agus úsáid a bhaint aisti a chomhlíonadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Meitheamh 2014, *TDC*, C-556/12, EU:C:2014:2009, mír 30). I gcomhréir le hAirteagal 2(10) den Treoir sin, d'fhéadfadh rochtain ar bhonneagar fisiciúil a bheith i gceist lena leithéid d'oibleagáid rochtana ar 'shaoráidí gaolmhara', ar choinníoll go bhfuil siad gaolmhar do líonra nó do sheirbhís cumarsáide leictreonaí.

36 Thairis sin, mar a dheimhnítear in aithris 28 de Rún 2020/2245 agus sa doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin atá leis an rún sin, d'fhéadfadh na húdaráis rialála náisiúnta oibleagáidí rochtana a fhorchur de bhun Airteagal 72 de Threoir 2018/1972, fiú i gcás nach mbaineann na sócmhainní ábhartha ina gcuid den mhargadh ábhartha i gcomhréir leis an anailís mhargaidh.

37 Ar an dara dul síos, ní mór a lua go bhforáiltear sa dara habairt d'Airteagal 68(2) de Threoir 2018/1972, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, go roghnódh údarás rialála náisiúnta an bealach is lú cunórtas chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a sainaithníodh san anailís mhargaidh. Ina theannta sin, ceanglaítear trí fhomhír 4 den Airteagal sin nach mór do na hoibleagáidí arna bhforchur i gcomhréir leis an Airteagal sin a bheith bunaithe ar chineál na faidhbe arna sainaithint ag údarás rialála náisiúnta ina anailís mhargaidh agus comhréireach, ag féachaint, i gcás inar féidir, do na costais agus na sochair agus údar cuí a bheith leo i bhfianaise na gcuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3 den Treoir sin.

38 Dá bhrí sin, ceanglaítear ar údarás rialála náisiúnta, a fhéachann le leigheas ar leith a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 72 de Threoir 2018/1972, a chinntiú go bhfuil an leigheas sin comhréireach agus go bhfuil údar leis ag féachaint do na cuspóirí ar fad arna leagan amach in Airteagal 3 den Treoir sin.

39 Ar an tríú dul síos, de réir Airteagal 67 de Threoir 2018/1972, ní féidir leigheas rochtana a fhorchur ar ghnóthas a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh aige ach i ndiaidh dó a chinneadh, in anailís mhargaidh, de bhun na gcritéar arna leagan amach sa dara fomhír de mhír 1 d'Airteagal 2, nach bhfuil iomaíocht éifeachtach inbhuanaithe i margadh áirithe. Foráiltear sa dara habairt den cheathrú mír den airteagal sin nach ndéanfaidh an t-údarás rialála náisiúnta oibleagáidí sonracha rialála iomchuí a fhorchur de bhun Airteagal 68 den Treoir sin ach i gcás nach mbeadh an toradh ann do na húsáideoirí deiridh iomaíoch ar bhealach éifeachtach dá n-uireasa.

40 Ina theannta sin, de réir an dara fomhír d'Airteagal 73(2) de Threoir 2018/1972, i gcás ina bhfuil sé ar intinn ag údaráis rialála náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 68, maidir le ceanglais a fhorchur de bhun Airteagail 72 nó 73 den Treoir sin, ní mór dó a áirithiú gur chomhréireach an mhaise gan aon oibleagáidí eile a fhorchur ach iad siúd de chuid Airteagal 72 amháin chun an t-iomaíochas agus leas an úsáideora deiridh a chur chun cinn.

41 Dá bhrí sin, dála Airteagail 67 agus 73 de Threoir 2018/1972, ina dtagraítear don iomaíocht agus don úsáideoir deiridh, is de chineál carnach iad na critéir maidir le forchur oibleagáide rochtana a bhaineann le 'margadh iomaíoch inbhuanaithe a theacht chun cinn' agus le 'leasanna an úsáideora deiridh', mar a luaitear in Airteagal 72(1) den Treoir sin.

42 Dá bhrí sin chomh maith, tagann an coinníoll maidir le forchur oibleagáide rochtana a leagtar amach in Airteagal 72(1) de Threoir 2018/1972, go bunúsach, leis an gceanglas, de réir Airteagail 67 agus 73 den Treoir sin, ar dá réir nach mór a leithéide d'oibleagáid a bheith comhréireach agus riachtanach ó thaobh na gcuspóirí maidir le hiomaíocht agus leasanna na n-úsáideoirí deiridh a chur chun cinn. Ós rud é go bhfuil an dá chuspóir sin ar na cuspóirí ginearálta arna leagan amach in Airteagal 3 den Treoir sin, ní mór a mheas go gcomhlíontar an coinníoll sin i gcás ina bhfuil oibleagáid rochtana ar shócmhainní innealtóireachta sibhialta, arna forchur ar ghnóthas a ainmníodh mar ghnóthas a bhfuil cumhacht shuntasach i margadh áirithe aige, bunaithe ar chineál na faidhbe arna fionnadh san anailís mhargaidh, i gcomhréir le hAirteagal 68(4) den Treoir sin, comhréireach agus riachtanach i bhfianaise na gcuspóirí ar fad arna leagan amach in Airteagal 3 sin.

43 Ar an tríú dul síos, tacaítear leis an léiriú arna dhéanamh i míreanna 28 go 42 den bhreithiúnas seo, trí na cuspóirí arna saothrú leis an reachtaíocht i gceist. Go deimhin, de réir Airteagal 68(4) de Threoir 2018/1972, saothraítear na cuspóirí arna leagan amach in Airteagal 3 den Treoir sin leis na leigheasanna rochtana arna bhforchur ar ghnóthais a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh acu. De réir aithris 29 den Treoir sin, is é atá mar chuspóir le hidirghabháil rialála *ex ante*, go háirithe, ná sochair a bhaint amach d'úsáideoirí deiridh trí mhargaí miondíola a dhéanamh iomaíoch go héifeachtúil ar bhonn inbhuanaithe. De réir na aithrise sin chomh maith, is é ceann de chuspóirí reachtóir an Aontais laghdú a dhéanamh le himeacht ama ar na hidirghabhálacha sin de réir mar a fhorbraíonn an iomaíocht sa mhargadh agus, ar deireadh, a áirithiú go rialófaí an chumarsáid leictreonach le dlí na hiomaíochta amháin.

44 Tá feidhm ag Airteagal 72 de Threoir 2018/1972 maidir leis na cuspóirí sin a bhaint amach. Sonraítear in aithris 187 den Treoir sin go bhfuil sé d'aidhm ag rochtain éifeachtach ar shócmhainní innealtóireachta sibhialta feabhas a chur ar dhinimicí an iomaíochais agus an imscartha in aon mhargadh iartheachtach. Cuirtear in iúl ann, go bhfuil sócmhainní innealtóireachta sibhialta, ar féidir leo líonra cumarsáide leictreonaí a óstáil, ríthábhachtach le haghaidh leathadh amach rathúil líonraí nua toisc go bhfuil costas ard ag baint lena ndúbláil, agus toisc gur féidir a lán airgid a choigilt más féidir iad a athúsáid.

45 Dá bhrí sin, ní féidir le húdarás rialála náisiúnta gan a dhéanamh ach cinneadh go bhfuil beart de bhun Airteagal 72 de Threoir 2018/1972 comhréireach agus riachtanach don iomaíocht agus leasanna an úsáideora deiridh a chur chun cinn ach ní mór dó measúnú a dhéanamh an amhlaidh an cás do na cuspóirí ar fad dá dtagraítear in Airteagal 3 den Treoir sin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 15 Meán Fómhair 2016, *Koninklijke KPN agus páirtithe eile*, C-28/15, EU:C:2016:692, mír 50).

46 Ní mór a thabhairt chun cuimhne, ina theannta sin, nach é de réir tosaíochta a leagtar amach na cuspóirí ginearálta arna lua in Airteagal 3 den Treoir sin.

47 Dá réir sin, i gcás ina scrúdaíonn údarás náisiúnta an gá beart a fhorchur de bhun Airteagal 72 de Threoir 2018/1972, ní cheanglaítear air measúnú a dhéanamh ar dtús an bhfuil an beart sin comhréireach agus riachtanach chun an iomaíocht agus leasanna na n-úsáideoirí deiridh a chur

chun cinn. D'fhéadfadh sé an scrúdú a dhéanamh ar chomhréireacht agus riachtanas an bhirt sin trí cheann ar bith de na cuspóirí arna leagan amach in Airteagal 3 den Treoir sin a chur i dtosach a anailíse.

48 Mar sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé measúnú a dhéanamh an bhfuil an oibleagáid rochtana ar shócmhainní innealtóireachta sibhialta arna forchur ar Telekom Deutschland, de réir na reachtaíochta náisiúnta lena dtrasuítear Airteagal 72 de Threoir 2018/1972, bunaithe ar chineál na faidhbe arna fionnadh san anailís mhargaidh i gcomhréir le hAirteagal 68(4) den Treoir sin agus an bhfuil sí comhréireach agus riachtanach i bhfianaise na gcuspóirí ar fad arna leagan amach, ní de réir tosaíochta, in Airteagal 3 den Treoir sin.

49 Fágann an méid thuasluaite go bhfuil Airteagal 72 de Threoir 2018/1972 le léiriú sa chaoi, agus measúnú á dhéanamh aige an gá oibleagáid rochtana ar shócmhainní innealtóireachta sibhialta a fhorchur ar ghnóthas a ainmníodh mar oibreoir cumhachtach i margadh áirithe, bíodh nó ná bíodh na sócmhainní sin mar chuid den mhargadh ábhartha de réir na hanailíse margaidh, nach mór don údarás sin scrúdú a dhéanamh an gcuirfí bac, mura bhforchuirfí an oibleagáid sin, ar mhargadh iomaíoch inbhuanaithe teacht chun cinn agus an amhlaidh nach bhfreastalófaí ar leasanna an úsáideora deiridh dá réir. Thairis sin, ní mór don údarás sin a áirithiú chomh maith go bhfuil an oibleagáid sin bunaithe ar chineál na faidhbe arna fionnadh san anailís mhargaidh agus an bhfuil sí comhréireach agus riachtanach i bhfianaise na gcuspóirí ar fad arna leagan amach, ní de réir tosaíochta, in Airteagal 3 den Treoir sin.

## Costais

50 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Chéad Dlísheomra) mar seo a leanas:

**Maidir le hAirteagal 72 de Threoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach,**

**ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:**

**agus measúnú á dhéanamh aige an gá oibleagáid rochtana ar shócmhainní innealtóireachta sibhialta a fhorchur ar ghnóthas a ainmníodh mar oibreoir cumhachtach i margadh áirithe, bíodh nó ná bíodh na sócmhainní sin mar chuid den mhargadh ábhartha de réir na hanailíse margaidh, ní mór don údarás sin scrúdú a dhéanamh an gcuirfí bac, mura bhforchuirfí an oibleagáid sin, ar mhargadh iomaíoch inbhuanaithe teacht chun cinn agus an amhlaidh nach bhfreastalófaí ar leasanna an úsáideora deiridh dá réir. Thairis sin, ní mór don údarás sin a áirithiú chomh maith go bhfuil an oibleagáid sin bunaithe ar chineál na faidhbe arna fionnadh san anailís mhargaidh agus an bhfuil sí comhréireach agus riachtanach i bhfianaise na gcuspóirí ar fad arna leagan amach, ní de réir tosaíochta, in Airteagal 3 den Treoir sin.**

Sínithe